

An tlascaire Dúshlánach

Gearrscéal le Pádraig Seoige, Camus

B'annamh an lá ná an mhaidin a d'fhanfadh sé istigh. Ba aird ariamh ar bhean rua dá gcastaí ina bhealach le moch na maidne í. Níor thug ná a dhath ariamh. Is iomaí duine a duirt leis nár cheart dó gan aird a thabhairt ar na sean-ráithanna cainte fiú dá mba pisreoga féin iad. Ní cheapfá ach oiread gur véarsa de "Amhrán na Trá Báine" a bheadh ar bharr a theanga aige ar maidin:

"D'fhágadar an caladh amach ar maidin leis an lá

Dia linn agus Muire s'iad an triúir a chuaigh sa ngábh".

agus leanfadh sé air. Bhí sé dúshlánach cinnte. Ní choinneodh rud ar bith, fiú *Hurricane Debby* istigh é. Ba ar thóir na mbreac a bhíodh sé gach lá agus bhailíodh sé leis amach chun farraige ina phúcán feistithe lena chuid seolta. Ba fear paiteanta in éadan báid a bhí ann fhéin agus ba mhaith uaidh na seolta a dhéanamh, a dheasú agus a fheistiú.

Bhí sé ráite lena linn gurb é an fear farraige, an bádóir agus fiú an saor bád ab fhearr é. Diabhal smid bhréige ann. Bhí sé ráite agus is iomaí duine a chreid é.

Ach bhí an-suim sa mbraon

aige agus mura mbeadh fíor-chorr uair ann ba ina aonar a bhíodh sé. Iascaire aonraic. B'annamh an trathnóna nach mbíodh lasta éisc ag teacht abhaile aige agus slám le coinneáil dó féin freisin. Dhíoladh sé an chuid eile le siopaí, ar aontaí agus ar mhargaí. Fear barraineach tráthúil a bhí i gcónaí ann.

Lá amháin chuaigh sé amach ina phúcán agus bhí píosa maith den lá caite amuigh aige nuair a tháinig sé ina bháisteach trom tóirní óna spéartha. Phléasc sé ina thoirneach throm. Thosaigh faitíos ag teacht ar Cholm, an t-iascaire. Ní raibh a fhios aige céard ab fhearr dhó a dhéanamh. Rinne sé seacht n-iarracht a theacht i dtír ach fós cheap sé go mb'fhearr dhó na seolta a ligean anuas agus fanacht sa spota a raibh sé. Tá sé ráite go bhfuil uisce fíor-chontúirteach aimsir thóirní, agus bhí sin dar leis in intinn Choilm freisin.

Tar éis tamaill dúirt sé leis fhéin go mb'fhearr dhó a bheith ag déanamh ar an mbaile agus d'ardaigh sé na seolta aríst agus thosaigh sé ag tornáil leis. Faoi dheireadh bhain sé ceann scríbe amach agus gan an tóirneach stoptha fós. Tháinig sé i dtír sa gcéibhín dúchais ina seoladh sé

aisti gach lá. Bhí aige. D'éirigh leis an lá sin ach gan mórán da bharr. Shílfeá go raibh sé seo ag briseadh a chroí ach b'fhearr leis a bheith slán sábháilte mar sin fhéin.

B'shin an chéad eachtra a tharla dó agus chuir sé ag smaoineamh é. Shílfeá nach é an oiread sin fonn a bhí air a dhul amach sa bpúcán an lá dár gcionn cé go mba í an soitheach ab fhearr dhó í. Amach ina bháidín iomartha a chuaigh sé cúpla lá ina dhiaidh sin agus é feistithe suas i gcomhar na ngliomach. Bhí faoi slám potaí a thógáil. Ní ró-fhada a bhí sé amuigh nuair a chonaic sé na néalta troma sna spéartha uachtaracha. An tuilleadh báistí a bhí air, nó tóirneach, nó gála? Nach raibh an mhaidin chomh hálainn sin agus gan smeámh as aer.

Ní cheapfadh aon duine go n-iompódh an lá amach mar seo. Ach is aisteach í an aimsir agus an fharraige chomh maith céanna. Ag tógáil pota gliomach a bhí sé nuair a chuaigh an pota i bhfostú i gceann de na sreanganna agus na rópaí air. Chinn ar é a thógáil. Faoi dheireadh chuaigh an pota go tóin poill air agus is beag díreach glan nach ndeachaigh sé fhéin

síos i ndiaidh a mhullaigh freisin. Dhá dtarlódh sé dhó meastú an raibh sé in-ann snámh.?

Ach cén seans a bheadh aige dhá dteádh sé síos i ndiaidh a mhullaigh. Nach mbáfaí é. Is cinnte go mbáfaí. Shéid gála gaoithe ar an nóiméad. Saghas cuaifeach fíorláidir a d'fhanfadh scaitheamh maith, agus d'fhan. Chuir sí scanradh ar mo dhuine. Cén fáth nach gcuirfeadh. Thosaigh sé ag iomradh ar a dhícheall. Ag tornáil go tréan a bhí sé in áit a bheith ag leanacht an róid díreach. Ag dul isteach in aice leis an gcladach dhó ní fhaca sé an charraig a bhí taobh thiar de agus bhuail sé í. Briseadh an bád agus líonadh le huisce í.

Ceird an Fhile

le Pádraig Seoige

Sníomhaíonn sé focal

Fíonn is fúann iad.

Smaointe i bhfoirm focal

Scríobhann sé síos iad.

Anois tá dán aige,

Cuireann os comhar an

phobail é.

I leabhar nó in iris,

Léann cách é

Dán deas ach ní leis an bhfile an dán

Le gach aon duine é

Bhí cúpla ceann de na cláir os cionn uisce. Ba bheag glan nach báthadh é ach gur éirigh leis snámh isteach chomh fada le ceann tíre. Bhí sé cloíte anois agus é amach as anáil. Nár bh olc an mhaise dó é. Olc go deimhin. D'éirigh leis díriú ar an teach agus an doras a oscailt agus luí ar an leaba. Ba gearr go dtáinig sé chuige fhéin agus réitigh sé blogam tae dó fhéin. Beidh cuimhne go héag aige ar an eachtra sin agus ó shin i leith ní raibh sé dúshlánach.

Tá an port céanna ar a bhéal fós. "Ní raibh blas ar bith dár cheannaiodar nár tháinig go ' an Trá Bháin

Tháinig na maidí ar an duirling is an curach ar an trá"

Geamaireacht Oisín



Linda Bhreathnach agus Brian Ó Mainnín i radharc ón ngeamaireacht Oisín a léiríodh i Márta seo caite agus a thug camchuart ar fud Chonamara, Árainn agus Baile Átha Cliath.